AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 30.7.2024
COM(2024) 326 final

TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE

maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach

1. RÉAMHRÁ

Bunaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ([1]) ('an Rialachán') creat coiteann dlí chun staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le teagmhais bheatha a fhorbairt, a chur ar fáil agus a scaipeadh.

Roimhe sin chuir na Ballstáit staidreamh den sórt isteach go deonach ar feadh roinnt blianta. Mar sin féin, ós rud é go raibh siad bunaithe ar shainmhínithe, coincheapa agus modhanna déimeagrafacha éagsúla, tháinig laghdú suntasach ar inchomparáideacht, ar chomhsheasmhacht agus ar thráthúlacht an staidrimh a tháinig astu. Bhí an creat coiteann beartaithe chun freastal ar an ngá atá le staidreamh déimeagrafach ardcháilíochta ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach, staidreamh atá bunriachtanach do raon leathan riachtanas institiúideach agus beartais. Mar shampla, tá gá leis an staidreamh sin chun réamh-mheastacháin daonra a ríomh a bheidh mar bhonn eolais do réamh-mheastacháin fhadtéarmacha, eacnamaíocha agus bhuiséadacha an Aontais agus a úsáidtear mar ainmneoir le haghaidh roinnt táscairí beartais '*per capita*'.

Is í seo an dara tuarascáil a cheanglaítear faoi Airteagal 11 den Rialachán, agus cumhdaítear léi an tréimhse 2019-2023 ([2]). Is mar seo a leanas a dhéantar struchtúrú uirthi:

- I Roinn 2 tugtar forbhreathnú ar an staidreamh a chumhdaítear leis an Rialachán;
- I Roinn 3 tugtar tuairisc ar an gcaoi a ndéantar faireachán rialta ar na critéir cháilíochta arna mbunú le haghaidh staidreamh Eorpach;
- I Roinn 4 déantar achoimre ar thorthaí na meastóireachta a rinneadh le déanaí;
- I Roinn 5 leagtar amach an tionscnamh reachtach leanúnach chun nuachóiriú a dhéanamh ar staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht, lena n-áirítear staidreamh faoin Rialachán.

2. STAIDREAMH A CHUMHDAÍTEAR LEIS AN RIALACHÁN

Faoin Rialachán, tarchuireann na Ballstáit staidreamh chuig an gCoimisiún (Eurostat) maidir leis an méid seo a leanas:

- an daonra gnáthchónaithe ([3]) de réir aoise, gnéis agus réigiúin cónaithe;
- beobhreitheanna de réir gnéis, mhí na breithe, ord na beobhreithe, aois na máthar, bhliain bhreithe na máthar, thír bhreithe na máthar, thír saoránachta na máthar agus réigiúin cónaithe na máthar;

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Samhain 2013 maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 330, 10.12.2013, lch. 39).

([2]) Foilsíodh an chéad tuarascáil mar COM (2018) 843.

([3]) Is é an sainmhíniú atá ar 'ghnátháit chónaithe' in Airteagal 2(d) den Rialachán an áit a gcaitheann duine an sos laethúil go hiondúil thar thréimhse leanúnach 12 mhí ar a laghad. I gcás nach féidir na himthosca le haghaidh gnátháit chónaithe a bhunú, is féidir glacadh leis go gciallaíonn sé an áit chónaithe dhlíthiúil nó an áit chónaithe chláraithe, ach amháin chun críocha vótála trí thromlach cáilithe sa Chomhairle.

- básanna de réir aoise, gnéis, bhliain na breithe, an réigiúin cónaithe, thír na breithe, thír na saoránachta agus mhí na breithe; agus
- an daonra gnáthchónaithe iomlán le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle.

Cé is moite den phointe deireanach, ceadaítear roinnt solúbthachta maidir le cur chun feidhme an tsainmhínithe ar ghnátháit chónaithe – is féidir leis na Ballstáit staidreamh a sholáthar bunaithe ar 'áit chónaithe dhlíthiúil nó chláraithe' i gcás nach féidir na critéir maidir le gnátháit chónaithe a bhunú.

De bhun Airteagal 3(4) den Rialachán, ghlac an Coimisiún Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014 ([4]). Leagtar síos ann coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le miondealuithe sonraí, sprioc-amanna tarchuir agus athbhreithnithe. Mar thoradh air sin, tarchuireann na Ballstáit an méid seo a leanas chuig an gCoimisiún (Eurostat):

- staidreamh bliantúil sealadach maidir leis an daonra iomlán, iomlán na mbeobhreitheanna agus iomlán na mbásanna ar an leibhéal náisiúnta laistigh de 6 mhí ó dheireadh gach bliana tagartha; agus
- staidreamh míosúil sealadach maidir le hiomlán na mbeobhreitheanna agus maidir le hiomlán na mbásanna le haghaidh na chéad 6 mhí ar a laghad den bhliain tagartha faoin 30 Samhain den bhliain sin.

Sa bhreis ar an staidreamh sainordaitheach sin, tarchuireann na Ballstáit staidreamh éagsúil ar bhonn deonach faoi láthair, e.g. staidreamh maidir le básanna de réir na seachtaine a tharlaíonn siad; maidir le básanna de réir aoise, gnéis agus gnóthachtáil oideachais; maidir le póstaí agus colscarthaí de réir saintréithe éagsúla. Tá gá le cuid den staidreamh deonach sin chun táscairí déimeagrafacha a ríomh, e.g. ionchas saoil de réir gnóthachtáil oideachais.

3. FAIREACHÁN RIALTA AR CHÁILÍOCHT STAIDRIMH

Tugtar tuairisc sa roinn seo ar an bhfaireachán ar chur chun feidhme an Rialacháin bunaithe ar chritéir cháilíochta chaighdeánacha i gcomhréir le hAirteagal 12 de Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 maidir le staidreamh Eorpach ([5]) agus Cód Cleachtais an Staidrimh Eorpaigh ([6]). Ní mór do na Ballstáit cáilíocht an staidrimh a áirithiú agus meiteashonraí agus tuarascálacha cáilíochta a sholáthar don Choimisiún (Eurostat). Déanann Eurostat athbhreithniú ar na measúnuithe cáilíochta sin agus foilsíonn sé an staidreamh chomh maith leis na hailt anailíseacha ar a shuíomh gréasáin. Oibríonn Eurostat agus na Ballstáit le chéile chun obair leantach a dhéanamh ar shaincheisteanna atá fós gan réiteach.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 205/2014 ón gCoimisiún an 4 Márta 2014 lena leagtar síos coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1260/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh déimeagrafach Eorpach, a mhéid a bhaineann le miondealuithe ar shonraí, sprioc-amanna agus athbhreithnithe sonraí (Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE) (IO L 65, 5.3.2014, lch. 10).

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 223/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Staidreamh Eorpach agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 1101/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tarchur sonraí atá faoi réir rúndachta staidrimh chuig Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach, Rialachán (CE) Uimh. 322/97 ón gComhairle maidir le Staidreamh Comhphobail, agus Cinneadh 89/382/CEE, Euratom ón gComhairle lena mbunaítear Coiste um Chláir Staidrimh na gComhphobal Eorpach (IO L 87, 31.3.2009, lch. 164).

([6]) http://ec.europa.eu/eurostat/web/products-manuals-and-guidelines/-/KS-32-11-955

Déantar plé ar phointí sonracha i gcruinnithe bliantúla an ghrúpa saineolaithe um staidreamh daonra, ina bhfuil ionadaíocht ag institiúidí staidrimh náisiúnta uile an Aontais agus CSTE.

3.1. Ábharthacht

Tá an-ábharthacht tugtha ag an gCoimisiún don déimeagrafaíocht ([7]). Úsáidtear staidreamh déimeagrafach chun tuarascálacha rialta, tograí beartais, tuarascálacha cur chun feidhme a cheanglaítear faoi reachtaíocht an Aontais, agus anailís bheartais a ullmhú. Mar shampla, sna tuarascálacha ón gCoimisiún maidir le comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach ([8]) agus maidir le tionchar an athraithe dhéimeagrafaigh i dtimpeallacht atá ag athrú ([9]), úsáidtear staidreamh arna gcur ar fáil faoin Rialachán. In 2021, d'eisigh Eurostat an foilseachán idirghníomhach 'Déimeagrafaíocht na hEorpa', a thugtar cothrom le dáta gach bliain, ina léirítear forbairt, athrú agus aosú dhaonra an Aontais ([10]). Tá ceann d'fheidhmeanna díreacha an staidrimh a chuirtear ar fáil faoin Rialachán i réimse réamh-mheastacháin dhéimeagrafacha 3-bliana Eurostat ([11]). Léiríonn siad sin an chaoi a bhféadfadh méid agus struchtúr an daonra athrú dá mbeadh toimhdí áirithe maidir le torthúlacht, mortlaíocht agus imirce fós bailí. Úsáidtear na réamh-mheastacháin sin freisin don tuarascáil maidir le hAosú ([12]) chun measúnú a dhéanamh ar thionchar fadtéarmach, eacnamaíoch agus buiséadach aosú an daonra. Sa bhreis ar na réamh-mheastacháin fhadtéarmacha daonra sin, d'fhoilsigh Eurostat nuashonruithe gearrthéarmacha ar na réamh-mheastacháin i mí Mheán Fómhair 2022 den chéad uair, rud a chomhlánaíonn an tairiscint sonraí. Thairis sin, úsáidtear comhairimh an daonra gnáthchónaithe iomláin in aghaidh an Bhallstáit le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle.

As an staidreamh uile a scaip Eurostat, tá staidreamh a bhaineann leis an daonra i measc an staidrimh is mó a ndeachthas i gcomhairle leis. Ó bhí 2015 ann ([13]), tá stoc daonra bliantúil ([14]) agus athruithe daonra ([15]) ar an leibhéal náisiúnta comhsheasmhach i measc

([7]) https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/new-push-european-democracy/impact-demographic-change-europe_ga

([8]) http://ec.europa.eu/regional_policy/en/information/cohesion-report/ (ar fáil i mBéarla amháin).

([9]) https://commission.europa.eu/system/files/2023-01/Demography_report_2022_0.pdf (ar fáil i mBéarla amháin).

([10]) Tá an t-eagrán is déanaí ar fáil ag https://ec.europa.eu/eurostat/web/interactive-publications/demography-2023 (ar fáil i mBéarla amháin).

([11]) D'eisigh Eurostat na réamh-mheastacháin daonra EUROPOP2023 is déanaí an 30 Márta 2023: https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Population_projections_in_the_EU (ar fáil i mBéarla amháin).

([12]) https://economy-finance.ec.europa.eu/publications/2024-ageing-report-underlying-assumptions-and-projection-methodologies_en (ar fáil i mBéarla amháin).

([13]) Cumhdaítear leis sin an scaipeadh uile faoin Rialachán, ós rud é gur scaipeadh na sonraí a bailíodh faoi Airteagal 3 den chéad uair sa chéad ráithe de 2015.

([14]) 'Daonra an 1 Eanáir' – cód sonraí ar líne tps00001 (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

([15]) 'Athrú daonra – cothromaíocht dhéimeagrafach agus garbhrátaí ar an leibhéal náisiúnta' – cód sonraí ar líne demo_gind (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

na dtáblaí staidrimh shóisialta is mó a bhfuil tóir orthu agus sna cúig thábla Eurostat is mó a mbítear ag breathnú orthu. Ó bhí lár 2016 ann, tá an roinn 'Déimeagrafaíocht, stoc daonra agus cothromaíocht' ([16]) ar shuíomh gréasáin Eurostat comhsheasmhach i measc na gcúig roinn théamacha is mó i dtéarmaí cuairteanna úsáideoirí.

3.2. Cruinneas

I gcomparáid leis an tuarascáil roimhe seo in 2018, ní dhearnadh aon fheabhsú substaintiúil ar chruinneas. Tá Eurostat ar an eolas go leanann na saincheisteanna cruinnis sonracha céanna de bheith ag tarlú maidir le fochuimsiúchán (nuair nach gcláraíonn daoine a n-áit chónaithe) agus róchuimsiúchán (e.g. nuair nach ndíchláraíonn daoine, mar is minic nach mbíonn aon oibleagáid ná dreasacht ann é sin a dhéanamh)([17]). Thairis sin, ní leor fós meiteashonraí arna dtuairisciú ag na Ballstáit maidir le cruinneas an daonra gnáthchónaithe a mheas le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe chun measúnú mionsonraithe a dhéanamh.

Sa chomhthéacs sin, leanann Eurostat d'úsáid 'sreafaí scáthánacha' arna dtuairisciú ag Ballstáit chomhpháirtíochta a chur chun cinn chun earráidí cumhdaigh mar gheall ar mhainneachtain clárú agus díchlárú a réiteach. Déantar sonraí comhiomlána maidir le sreabhadh scáthánach a mhalartú idir institiúidí staidrimh náisiúnta a mheasann go gcuireann sé lena bpróiseas staidrimh náisiúnta ar bhealach úsáideach. Cuidíonn sé sin leo feabhas a chur ar cháilíocht a gcuid sonraí agus meastóireacht a dhéanamh orthu.

3.3. Tráthúlacht agus Poncúlacht

Is é 12 mhí tar éis dheireadh na bliana tagartha an príomh-sprioc-am chun formhór an staidrimh dhéimeagrafaigh a sholáthar don Choimisiún (Eurostat); tá trí thacar bheaga sonraí le tarchur laistigh de 6, 8 agus 11 mhí ó dheireadh na bliana tagartha. Ó cuireadh tús le bailiú sonraí faoin Rialachán, ní raibh aon tsaincheist shuntasach ann maidir le moill a bheith ar tharchur sonraí ag na Ballstáit. Dá bhrí sin, níl aon athrú ann i gcomparáid le tuarascáil 2018 ([18]).

3.4. Inrochtaineacht agus soiléireacht

Tá sonraí na mBallstát agus comhiomláin an Aontais ar fáil saor in aisce ar shuíomh gréasáin Eurostat ([19]). Is féidir le húsáideoirí rochtain a fháil ar staidreamh déimeagrafach Eorpach ([20]) faoi 'Tacair sonraí roghnaithe', 'Tacair sonraí mhionsonraithe' agus trí ailt a

([16]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/population-demography/demography-population-stock-balance (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

([17]) Athdhearbhaítear sa tuarascáil cháilíochta is déanaí deacrachtaí leanúnacha mar gheall ar (dhí)chlárúcháin neamhiomlána agus maidir le daoine atá ag fanacht sa tír go neamhrialta a chumhdach, gan meastachán a dhéanamh ar an tionchar cainníochtúil ar chruinneas cumhdaigh.

([18]) Mar shampla, de réir na tuarascála cáilíochta is déanaí, tharchuir beagnach gach Ballstát a dtacair sonraí uile in am (76 as 81 tharchur in am, 2 tharchur laistigh de mhoill 2 sheachtain agus 3 tharchur laistigh de mhoill 4 seachtaine).

([19]) Leathanach baile Eurostat (http://ec.europa.eu/eurostat) agus bunachar sonraí (http://ec.europa.eu/eurostat/data/database) (iad araon ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

([20]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/population-demography/demography-population-stock-balance/database (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

thugtar cothrom le dáta go rialta maidir le raon leathan ábhar a bhaineann leis an daonra ([21]). Le linn na bliana, bíonn míreanna nuachta agus ailt '*Statistics Explained*' a dháiltear go forleathan ag gabháil le heisiúintí sonraí ina bhfuil tuilleadh faisnéise faoi staidreamh maidir le déimeagrafaíocht, a dtreochtaí agus a léirmhíniú ([22]). Mar sin féin, mar gheall ar easpa faisnéise meiteashonraí náisiúnta atá soiléir go leor agus inchomparáide, lena n-áirítear táscairí cáilíochta cainníochtúla, is deacair fiú d'úsáideoirí a bhfuil taithí acu measúnú a dhéanamh ar cháilíocht sonraí na mBallstát agus comparáid a dhéanamh eatarthu.

3.5. Inchomparáideacht agus comhleanúnachas

Is é cur i bhfeidhm solúbtha neamh-chomhchuibhithe choincheap an ghnáthchónaithe an tsaincheist is tromchúisí fós maidir le hinchomparáideacht agus comhleanúnachas. Mar shampla, ní chuireann roinnt Ballstát grúpaí áirithe den daonra san áireamh (e.g. iarrthóirí tearmainn, imircigh neamhrialta nó fánaithe) ná ní chuireann siad an critéar 12-mhí i bhfeidhm maidir le stoic daonra agus teagmhais bheatha, go minic toisc go dtógtar an staidreamh go díreach ó chláir riaracháin agus, dá bhrí sin, go bhfuil siad ag brath ar chritéir riaracháin náisiúnta chun daoine agus teagmhais bheatha a chlárú ([23]). I meastóireacht a rinneadh le déanaí sainaithníodh é sin mar cheann de phríomh-shaincheisteanna an *status quo* (féach Roinn 4), agus cuireadh i dtábhacht i dtionscnamh an Choimisiúin chun an bunús dlí a athfhorbairt an gá atá le dea-chleachtais mheastacháin chun feabhas a chur ar inchomparáideacht staidrimh dhéimeagrafaigh ó fhoinsí riaracháin (féach Roinn 5).

Seachas an phríomh-shaincheist seo, tá staidreamh déimeagrafach inchomparáide den chuid is mó le himeacht ama do gach tír. Is iondúil go dtagann neamhleanúnachais áirithe chun cinn nuair a fheabhsaíonn nó nuair a athraíonn Ballstáit a modheolaíocht, lena n-áirítear babhta nua daonáirimh a úsáid chun measúnú a dhéanamh ar a meastacháin daonra agus iad a athbhunú, nó na haonaid chríochacha a úsáidtear sa staidreamh a choigeartú. Léirítear iad sin sna táblaí i mbunachar sonraí Eurostat agus déantar iad a dhoiciméadú d'úsáideoirí trí bhíthin na meiteashonraí ar shuíomh gréasáin Eurostat nó i bhfoilseacháin ábhartha.

3.6. Faireachán ar chomhlíontacht

Leanann an Coimisiún (Eurostat) d'obair leantach a dhéanamh ar chásanna fánacha de neamhchomhlíonadh an Rialacháin i gcás ina raibh na sonraí neamhiomlán, ar cháilíocht íseal nó nár seachadadh iad i gcomhréir leis na spriocdhátaí dlíthiúla. Déanann sé faireachán agus measúnú ar na gnéithe sin de sholáthar sonraí ar bhonn leanúnach agus

([21]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/population-demography/demography-population-stock-balance/publications (ar fáil i mBéarla, i bhFraincis agus i nGearmáinis amháin).

([22]) https://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php?title=Category:Population (ar fáil i mBéarla amháin).

([23]) De réir na dtuarascálacha cáilíochta is déanaí, maidir le staidreamh déimeagrafach (cé is moite de chomhaireamh iomlán an daonra le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle), cuireann 18 mBallstát coincheap cúng an ghnáthchónaithe i bhfeidhm go comhsheasmhach, agus cuireann 9 mBallstát coincheapa náisiúnta nó measctha eile i bhfeidhm. Maidir le comhaireamh iomlán an daonra le haghaidh vótáil trí thromlach cáilithe sa Chomhairle, i gcás ina gceanglaítear coincheap cúng an ghnáthchónaithe go dlíthiúil, tá cleachtais éagsúla ann idir na Ballstáit maidir le grúpaí áirithe den daonra, go háirithe iarrthóirí tearmainn (áiríonn 17 mBallstát iad, ní áiríonn 10 mBallstát iad), imircigh neamhrialta (13 vs 14), agus fánaithe (19 vs 8).

téann sé i dteagmháil leis na Ballstáit lena mbaineann ar an leibhéal teicniúil agus riaracháin chun na saincheisteanna a réiteach.

4. MEASTÓIREACHT AR AN GCREAT STAIDRIMH ATÁ ANN FAOI LÁTHAIR

In 2021, rinne an Coimisiún meastóireacht chuimsitheach ar an gcreat dlí iomlán atá ann faoi láthair agus ar an staidreamh Eorpach maidir leis an daonra agus maidir le tithíocht a d'eascair as sin ([24]). Áiríodh ann staidreamh faoi Airteagal 3 den Rialachán seo agus an staidreamh uile faoi Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ([25]) agus Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ([26]). Bhí raon feidhme na meastóireachta i bhfad níos leithne ná an faireachán rialta a dtugtar tuairisc air i Roinn 3 toisc gur bailíodh tuairimí ó na grúpaí páirtithe leasmhara ábhartha uile – lena n-áirítear úsáideoirí institiúideacha, beartais agus taighde – i gcomhairliúchán córasach leis na páirtithe leasmhara ([27]). Ba é an sprioc a bhí ann a mheas ar baineadh amach cuspóirí bunaidh an chreata atá ann faoi láthair agus bearnaí nach beag a shainaithint.

Fuarthas amach sa mheastóireacht go ndearnadh feabhsuithe foriomlána nach beag ar staidreamh daonra Eorpach a bhuí leis an gcreat atá ann faoi láthair, i gcomparáid leis na fadhbanna agus na riachtanais tosaigh a bhí ag an bpobal staidrimh sular tháinig sé i bhfeidhm. Go háirithe, tá méadú nach beag tagtha ar bhreisluach an Aontais leis an gcreat dlí atá ann faoi láthair trí fheabhas a chur – i gcás na dtacar sonraí a tháinig chun bheith sainordaitheach– ar roinnt gnéithe cáilíochta staidrimh ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear iomláine, comhsheasmhacht agus tráthúlacht. Thairis sin, chomhlíon an reachtaíocht atá ann faoi láthair na riachtanais ábhartha uile le haghaidh ceapadh beartas agus institiúidí ar leibhéal an Aontais a bhí ar eolas nuair a forbraíodh í (2005-2013). Chuir sé sin feabhas ar éifeachtacht, ar éifeachtúlacht agus ar chomhleanúnachas chur ar fáil an staidrimh i gcomparáid leis an staid roimhe seo, a bhí ag brath ar bhailiúcháin sonraí dheonacha amháin. Sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara, dheimhnigh formhór na bhfreagróirí ar fud na bpríomhghrúpaí páirtithe leasmhara uile na feabhsuithe sin agus chuir siad i dtábhacht breisluach an chreata dlí atá ann faoi láthair ar leibhéal an Aontais. Mar sin féin, sainaithníodh ceithre bhearna nach beag sa reachtaíocht atá ann faoi láthair sa mheastóireacht freisin.

4.1. Bearna 1: Comhleanúnachas, inchomparáideacht, iomláine

Cé go leagtar síos sa Rialachán sainmhínithe coiteanna ar phríomhchoincheapa staidrimh, tá roinnt solúbthachta fós sa sainmhíniú daonra féin. Cuireann na Ballstáit trí choincheap éagsúla i bhfeidhm faoi láthair (gnáthóit chónaithe, áit chónaithe chláraithe, áit chónaithe dhlíthiúil) a cheadaítear leis an Rialachán, agus coincheapa éagsúla á n-úsáid acu uaireanta le haghaidh tacair sonraí éagsúla. Mar thoradh ar an tsaincheist lárnach sin, tá

([24]) SWD(2023) 13

([25]) Rialachán (CE) Uimh. 862/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Iúil 2007 maidir le staidreamh Comhphobail i ndáil le himirce agus le cosaint idirnáisiúnta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 311/76 ón gComhairle maidir le staidreamh i ndáil le hoibrithe ón gcoigríoch a thiomsú (IO L 199, 31.7.2007, lch. 23).

([26]) Rialachán (CE) Uimh. 763/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Iúil maidir le daonáirimh agus maidir le háirimh thithíochta (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 218, 13.8.2008, lch. 14).

([27]) SWD(2023) 15

easpa inchomparáideachta agus comhleanúnachais sna sonraí ó Bhallstáit éagsúla, rud a laghdaíonn breisluach AE na mbailiúchán sonraí. Ina theannta sin, is minic a bhíonn staidreamh atá fós deonach neamhiomlán ar leibhéal an Aontais mar gheall ar shonraí a bheith in easnamh ó roinnt Ballstát. Laghdaíonn sé sin an chost-éifeachtúlacht fhoriomlán go mór, ós rud é go gcaitheann formhór na mBallstát acmhainní ar iad a thiomsú, ach ní thugtar léargas iomlán ar an Aontas leo.

4.2. Bearna 2: Tráthúlacht agus minicíocht

Ní chumhdaítear leis an Rialachán ach staidreamh déimeagrafach bliantúil, agus bíonn formhór na dtacar sonraí le soláthar 12 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tagartha. Cé go bhfuil feabhas tagtha ar an tráthúlacht fhoriomlán dá bhrí sin, go príomha toisc gur réitíodh moilleanna iomarcacha ó fhíorbheagán Ballstát, tá sé fós faoi bhun ionchais na n-úsáideoirí. Níl na sonraí a sholáthraítear faoin Rialachán chomh tráthúil céanna le foilseacháin staidrimh náisiúnta inchomparáide agus tarchuir eile staidrimh idirnáisiúnta ar fud fhormhór na mBallstát. Faoin Rialachán, ní féidir spriocdhátaí dlíthiúla agus tréimhsiúlachtaí an staidrimh a fheabhsú, e.g. chun staidreamh fobhliantúil i ndáil leis an daonra a chumhdach amhail staidreamh a forbraíodh go deonach le déanaí le haghaidh mortlaíochta.

4.3. Bearna 3: Mionsonraí faoi thopaicí agus faoi ghrúpaí atá ábhartha ó thaobh na sochaí de

Dírítear sa Rialachán ar riachtanais sonraí a chomhfhreagraíonn do thosaíochtaí beartais tráth a forbraíodh é. Le himeacht ama, tá athrú tagtha ar thosaíochtaí, agus ní chumhdaíonn an staidreamh déimeagrafach atá ar fáil saintréithe, topaicí ná grúpaí daonra a bhaineann le beartas go leordhóthanach a thuilleadh ([28]). Go háirithe, baineann na bearnaí a deimhníodh sa chomhairliúchán leis na páirtithe leasmhara le saintréithe na dtopaicí agus na ngrúpaí ábhartha. Tá bearnaí ann freisin a bhaineann le gráinneacht gheografach neamhleor, go háirithe tíopeolaíochtaí feidhmiúla agus sonraí geothagartha le haghaidh comhtháthú uirbeach/tuaithe agus anailís trasteorann.

4.4. Bearna 4: Easpa solúbthachta an chreata dlí

Mar bharr ar dhonas na laigí thuasluaite, níl an tsolúbthacht sa reachtaíocht atá ann cheana chun oiriúnú d'fhonn freastal ar riachtanais nua agus ar riachtanais atá ag teacht chun cinn i ndáil le staidreamh. Le foinsí nua sonraí sna Ballstáit agus ar leibhéal an Aontais (go háirithe sonraí riaracháin, lena n-áirítear córais idir-inoibritheachta agus sonraí arna sealbhú go príobháideach) d'fhéadfaí feabhsuithe a dhéanamh i dtéarmaí costas agus tráthúlachta, ach ní féidir glacadh leis na forbairtí seo mar gheall ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair. Dá bhrí sin, ní raibh an creat dlí in ann oiriúnú d'aon athrú atá ábhartha ó thaobh beartais de ó glacadh é, agus dá bhrí sin tá ábharthacht á cailleadh go tapa aige.

5. NUACHÓIRIÚ AN STAIDRIMH DÉIMEAGRAFAIGH EORPAIGH MAR CHUID D'ATHFHORBAIRT AN STAIDRIMH EORPAIGH I NDÁIL LEIS AN DAONRA

I gcás na mbearnaí nach beag a leagtar amach i Roinn 4, sainaithníodh sa mheastóireacht 4 spreagadh reachtacha a bhfuil feidhm acu maidir leis an Rialachán seo freisin:

([28]) E.g. sonraí tithíochta maidir leis an gComhaontú Glas; sonraí maidir le himircigh agus soghluaisteacht an Aontais; sonraí maidir leis an daonra uirbeach/tuaithe; agus sonraí maidir le grúpaí mionlaigh leochaileacha le haghaidh beartais i dtaca le neamh-idirdhealú agus cearta bunúsacha.

- Ní féidir ach le **bailiúcháin sonraí shainordaitheacha** lena ngabhann rialacha coiteanna sainithe iomláine agus tráthúlacht staidrimh a áirithiú ar leibhéal an Aontais. Trí rialáil a dhéanamh ar bhailiúcháin dheonacha sonraí a bhfuil iomláine ard acu cheana féin, d'fhéadfaí feabhas mór a chur ar éifeachtacht agus ar éifeachtúlacht toisc gur féidir breisluach suntasach AE a ghiniúint ar chostas incriminteach teoranta.
- Is ionstraimí iomchuí iad **bailiúcháin sonraí dheonacha** chun táirgeadh topaicí nó saintréithe nua a phíolótú, agus chun borradh a chur faoi chumas incriminteach na gcóras staidrimh náisiúnta sonraí nua den sórt sin a sholáthar. Mar sin féin, is gnách go n-éiríonn siad neamhéifeachtúil le himeacht ama toisc nach ngintear breisluach AE le costais táirgeachta athfhillteacha i dtéarmaí iomláine ar fud na mBallstát.
- Mar thoradh ar **shainmhínithe dlíthiúla scaoilte** ar thopaicí staidrimh caillteart smacht ar chomhchuibhiú coincheapúil. Is é an toradh a bhíonn air sin ar deireadh go gcaillteart comhleanúnachas agus inchomparáideacht le himeacht ama. Léiríodh leis an sampla den sainmhíniú ar an mbonn daonra an chaoi a ndearnadh caighdeán fíorasach nua de chlásal réamhshocraithe a tugadh isteach ar dtús mar eisceacht lena raibh raon feidhme teoranta ([29]).
- Fágann **creat dlíthiúil atá ródhocht** go bhfuil sé deacair ábharthacht a choinneáil ar bun le himeacht ama. Tá ábharthacht á cailleadh sách tapa ag an gcreat atá ann faoi láthair – cuireadh tús leis sin cheana féin le linn na tréimhse cur chun feidhme mar gheall ar an easpa sásraí solúbthachta chun bailiúcháin sonraí a oiriúnú do riachtanais atá ag teacht chun cinn nó chun leas a bhaint as deiseanna atá á spreagadh ag foinsí nua sonraí a bheith ar fáil.

Ina theannta sin, tarraingíodh aird sa mheastóireacht ar iomarcaíochtaí riaracháin i gcomhlíonadh, i bhforfheidhmiú agus i bhfaireachán toisc go bhfuil an reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le staidreamh daonra scaipthe ar fud trí ghníomh dlí nár forbraíodh le chéile. Dá bhrí sin, bunaithe ar an meastóireacht agus ar mheasúnú tionchair ([30]), ghlac an Coimisiún togra le haghaidh creatrialachán nua maidir leis an daonra agus le tithíocht lena dtugtar aghaidh ar na cúiseanna reachtacha leis na bearnaí nach beag thuas, agus é d'aidhm aige an bunús dlí a chomhtháthú in aon rialachán amháin san am céanna ([31]).

Tá gnéithe uaillmhianacha sa togra reachtach chun comhsheasmhacht ghinearálta agus na naisc idir staidreamh sóisialta uile an Aontais atá bunaithe ar dhaoine agus ar theaghlaigh a neartú, lena n-áirítear faoi Rialachán (AE) 2019/1700 ([32]). Tá forálacha sa togra chun

([29]) Mar a luaitear i Roinn 4.1, leis an Rialachán ceadaítear trí choincheap éagsúla le haghaidh bonn daonra: gnátháit chónaithe nó, mar réamhshocrú, áit chónaithe chláraithe nó áit chónaithe dhlíthiúil (de réir rialacha náisiúnta) i gcás nach féidir na cúinsí maidir le gnátháit chónaithe a dtugtar tuairisc orthu sa Rialachán a bhunú. Tugadh an clásal réamhshocraithe sin isteach ar dtús mar eisceacht do líon beag Ballstát ach idir an dá linn rinneadh caighdeán fíorasach nua de, ós rud é go gcuireann níos mó agus níos mó Ballstát sainmhínithe náisiúnta ar bhonn daonra i bhfeidhm tar éis dóibh glacadh le foinsí sonraí riaracháin.

([30]) SWD(2023) 11

([31]) COM(2023) 31

([32]) Rialachán (AE) 2019/1700 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Deireadh Fómhair 2019 lena mbunaítear creat comhchoiteann le haghaidh staidreamh Eorpach a bhaineann le daoine agus le teaghlaigh, bunaithe ar shonraí ar an leibhéal aonair arna mbailiú ó shamplaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 808/2004, (CE) Uimh. 452/2008 agus (CE) Uimh. 1338/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1177/2003 ó Pharlaimint

tacú le sainmhíniú comhchuibhithe daonra a chur chun feidhme bunaithe ar choincheapa fónta meastacháin staidrimh, agus chun rochtain a chumasú ar fhoinsí sonraí atá ar fáil a chuirfidh feabhas ar phróisis táirgeachta agus ar cháilíocht ghinearálta an staidrimh shóisialta. Tá forálacha sa togra freisin chun staidreamh i ndáil leis an daonra agus le himirce idirnáisiúnta a ailíniú níos mó le staidreamh i ndáil le tearmann agus nósanna imeachta riaracháin agus breithiúnacha a bhaineann le reachtaíocht inimirce atá fágtha faoi Airteagail 4 go 7 de Rialachán (CE) Uimh. 862/2007. Tráth na tuarascála seo, bhí an gnáthnós imeachta reachtach maidir leis an togra ar siúl ([33]).

6. CONCLÚIDÍ

A bhuí leis na hiarrachtaí comhpháirteacha leanúnacha atá á ndéanamh ag an gCóras Staidrimh Eorpach ([34]), tá an Rialachán á chur chun feidhme go maith. Mar thoradh air sin, foilsítear staidreamh déimeagrafach Eorpach ardcháilíochta foriomlán go rialta, rud a theastaíonn ó institiúidí an Aontais agus ó lucht ceaptha beartas ar gach leibhéal. Déantar faireachán rialta ar chomhlíonadh dlí agus ar cháilíocht staidrimh i gcomhréir leis an Rialachán. Mar a tharla i gcás na chéad tuarascála in 2018, níl aon mhór-shaincheist chomhlíontachta ann.

Mar sin féin, sainaithníodh i meastóireacht a rinneadh le déanaí ar an gcreat dlí atá ann faoi láthair maidir le staidreamh daonra ceithre bhearna nach beag sa reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair agus atá nasctha go páirteach leis an staidreamh daonra a bheith scaipthe thar thrí rialachán, lena n-áirítear an rialachán seo. Is iad na bearnaí sin (i) easpa comhchuibhithe ar choincheapa staidrimh, go háirithe an sainmhíniú daonra; (ii) tráthúlacht agus minicíocht neamhleor foilseachán staidrimh; (iii) easpa sonraí maidir le grúpaí agus topaicí ábhartha; agus (iv) easpa solúbthachta chun oiriúnú do riachtanais atá ag athrú nó d'fhoinsí nua sonraí. Dá bhrí sin, mhol an Coimisiún creatrialachán nua aonair maidir le staidreamh Eorpach i ndáil leis an daonra agus le tithíocht lena ndéanfaí an creat dlí a chomhdhlúthú agus lena dtabharfaí aghaidh ar na ceithre bhearna uile.

Leantar de na hiarrachtaí chun an gnáthnós imeachta reachtach a chur chun cinn maidir leis an gcreat dlí comhtháite nua do staidreamh daonra Eorpach lena ndéanfaí an staidreamh déimeagrafach a ionchorprú agus a leathnú faoin Rialachán.

---

na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 577/98 ón gComhairle (Téacs atá ábhartha maidir le LEE) (IO L 261I, 14.10.2019, lch. 1).

([33]) Nós imeachta 2023/0008/COD

([34]) https://ec.europa.eu/eurostat/web/european-statistical-system